Seachtain Oidhreachta linn

Cuid de na páistí a ghlac páirt i siúlóidí oidhreachta cheana i gcomharsanacht Shliabh Eachtaí.

Tá Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin agus Gaeilge Locha Riach ag comhoibriú arís i mbliana le roinnt imeachtaí a eagrú le linn Sheachtain Oidhreachta.

Tá **Oíche Oidhreachta** eagraithe go speisialta sa Chomhar Creidmheasa Céadaoin 26 Lúnasa @ 8.00 i mBaile Locha Riach le cúrsaí oidhreachta i dtaobh an locha a phlé idir gnéithe timpeallachta, staire agus cultúrtha. Déanfar ceiliúradh ar oidhreacht an locha idir tréithe stairiúla, cultúrtha, seandalaíocht na háite agus an beatha beo thart timpeall an locha. Tugtar cuireadh oscailte do ghrúpaí is do dhaoine aonaracha a bhfuil spéis acu a bheith i láthair le cluas a thabhairt l'éisteacht leis an mhéid a bhéas le rá ag na saineolaithe ar an oíche.

Mar aon leis sin, tá **Siúlóid Sléibhe** agus **Toraíocht Taisce** eagraithe thart ar Sliabh Eachtaí sa Choill Bhreac idir 3.00 agus 5.00 i.n. Domhnach 30 Lúnasa. Tiocfaidh daoine le chéile ag an phub, The Hill Bar, don siúlóid. Beidh **Dermot Moran**, staraí áitiúil, a bhéas i gceannas ar an shiúlóid seo a stiúradh. Is imeacht do theaghlaigh é seo agus tabharfar treoir ar an cheantar, ar na suíomhanna oidhreachta sa chomharsanacht, ar dúlra na háite agus béim ar leith ar na foinsí uisce ann. Ba cheart go mbeidh go leor spraoi is sult ag teaghlaigh agus iad ag iarraidh fuascailt na ceisteanna a aimsiú sa choill.

Tá tuilleadh eolais i dtaobh na himeachtaí ar fad ar fáil ag Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin nó ag Gaeilge Locha Riach:

Sonraí Teagmhála:

Margaret Loughnane (***091***) **841773** ext. **3**
naomhbrendaincu@eircom.net

Pádraig Ó Baoill (***091***) ***870718***
prua@lochariach.com
www.lochariach.com

Heritage Week with us!

Loughrea's Credit Union and Gaeilge Locha Riach have joined forces yet again in organising a number of events for Heritage Week in East Galway.

A Heritage Evening has been specially organized in the Credit Union Wed. 26 August @ 8.00 in which the heritage of the lake will be discussed covering environmental, historical and cultural matters. An open invitation is given to interested individuals and groups to attend.

A Mountain Walk & **Treasure Hunt** has been organized for the Slieve Aughty area in Kylebrack Woods on Sunday 30 August between 3.00 and 5.00 p.m. Walkers are asked to gather outside the Hill Bar and **Dermot Moran**, local historian, will be the guide for the walk. This is a family event and folk will be guided through the area and introduced to the historical sites and the natural heritage of the area. This event promises to be a lot of fun for families as they try and discover the answers to their quests.

Further details about all of the above events are available at Naomh Breandán Credit Union or at Gaeilge Locha Riach:

Contact Details:
Margaret Loughnane (***091***) ***841773*** ext. ***5***
naomhbrendaincu@eircom.net

Pádraig Ó Baoill (***091***) ***870718***
prua@lochariach.com
www.lochariach.com